Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Eanáir 2022**
**(OR. en)**

**5668/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0015(BUD)**

**FIN 60**
**SOC 47**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 26 Eanáir 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 25 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh (EGF/2022/000 TA 2022 - Cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 25 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 25 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.1.2022
COM(2022) 25 final

2022/0015 (BUD)

Togra le haghaidh

**CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh (EGF/2022/000 TA 2022 - Cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún)**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Na rialacha is infheidhme maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d’Oibrithe Iomarcacha (CED), is rialacha iad a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d’Oibrithe Iomarcacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[1] (dá ngairtear feasta Rialachán CED).

### ACHOIMRE AR AN IARRATAS

| **Na príomhshonraí:** | |
|---|---|
| Uimhir thagartha CED | CED/2022/000 |
| an Coimisiún Eorpach | Cúnamh teicniúil |
| Caiteachas riaracháin: buiséad in EUR | 290 000 |
| % caiteachas riaracháin (uasteorainn: 0,5 % | 0,14 % |

I gcomhréir le hAirteagal 11(1) den Rialachán maidir le CED, féadfar uasmhéid 0.5 % den uasmhéid bliantúil a chur ar fáil le haghaidh cúnamh teicniúil ar thionscnamh an Choimisiúin.

### Cúnamh teicniúil atá le cistiú agus miondealú na gcostas a mheastar a bheidh air

1. Ní hamháin gur chuir paindéim Covid-19 isteach ar sheachadadh cásanna CED, ach bhí éiginnteacht ann freisin maidir le hoibríochtaí ginearálta, go háirithe teagmhais a mbeadh láithreacht fhisiciúil ag teastáil lena n-aghaidh. Dá bhrí sin, in 2021 níor iarr an Coimisiún tacaíocht cúnaimh theicniúil. Tá an togra le haghaidh 2022 curtha in oiriúint don staid reatha.
2. Úsáidfear an ranníocaíocht le haghaidh caiteachas a luaitear in Airteagal 11(1) agus (4) agus in Airteagal 12(2), (3), (4) den Rialachán maidir le CED, mar a shonraítear thíos. Déanfaidh an Coimisiún Eorpach í a bhainistiú faoi bhainistíocht dhíreach.

| **Tuairisc /// Cur síos** | **Caiteachas iomlán (arna leagan amach in EUR)** |
|---|---|
| Caiteachas riaracháin | 190 000 |
| Caiteachas teicniúil | 100 000 |
| **Caiteachas measta iomlán** | **290 000** |

3. Caiteachas riaracháin:

   - Beidh a chruinniú rialta á dtionól ag Sainghrúpa Daoine Teagmhála CED (sa chéad agus sa dara leath de 2022 agus sa chéad leath de 2023), agus beidh comhalta i láthair ó gach Ballstát. Mar gheall ar an bpaindéim, bhí cruinniú 2021

[1] IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.

go hiomlán fíorúil. De réir na pleanála reatha, is dócha go n-atosófar cruinnithe le láithreacht fhisiciúil in 2022.

- Chun líonrú a chur chun cinn i measc na mBallstát, eagróidh an Coimisiún seimineár amháin le rannpháirtíocht comhlachtaí cur chun feidhme CED agus a chuid comhpháirtithe sóisialta. Sceidealófar é sin an lá roimh chruinniú de Shainghrúpa in 2022. Is dócha gur cruinniú fisiciúil a bheidh sa chruinniú sin.
- Gníomhaíochtaí faisnéise: láithreacht ar líne CED[2], rud a bhunaigh an Coimisiún sa réimse Fostaíochta, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsithe, agus atá á chothabháil aige mar a cheanglaítear le hAirteagal 12(2) den Rialachán maidir le CED, déanfar é a nuashonrú agus a leathnú go rialta, agus aistreofar gach eilimint nua isteach i dteangacha uile an Aontais. Déanfar an fheasacht ghinearálta faoi CED a mhéadú agus cuirfear a infheictheacht chun cinn. Cumhdófar CED i bhfoilseacháin éagsúla de chuid an Choimisiúin agus i ngníomhaíochtaí closamhairc dá bhforáiltear in Airteagal 11(1) den Rialachán maidir le CED.

4. Caiteachas teicniúil:

- Córas um malartú sonraí leictreonacha a chothabháil agus a nuashonrú. Tá an Coimisiún ag leanúint dá chuid oibre ar nósanna imeachta caighdeánaithe maidir le hiarratais ar CED agus bainistíocht CED, agus úsáid á baint aige as feidhmiúlachtaí an Chomhchórais um Bainistíocht Cistí Comhroinnte (SFC). A bhuí leis sin, táthar in ann iarratais faoin Rialachán maidir le CED a shimpliú, an phróiseáil a bhaineann leo a luathú agus tuarascálacha éagsúla a bhaint astu ar bhonn níos fusa. Tá comhéadan SFC ina chúnamh chun oibríochtaí airgeadais CED a éascú freisin. Leis an méid seo áirítear go háirithe:
  - Cothabháil iarratas SFC 2014-2020, agus tuilleadh forbartha is gá chun cásanna a dhúnadh.
  - Tuilleadh forbartha ar chomhéadan CED 2021-2027 in SFC, go háirithe feidhmiúlachtaí agus coigeartuithe nua chun SFC a ailíniú le ceanglais an Rialacháin maidir le CED 2021-2027.
- Faireachán agus bailiú sonraí: déanfaidh an Coimisiún sonraí a bhailiú maidir le hiarratais a fuarthas, a íocadh agus a fhoirceannadh, agus maidir le bearta atá beartaithe agus curtha chun feidhme. Cuirfear na sonraí sin ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh agus tiomsófar iad i bhfoirm iomchuí le haghaidh tuarascálacha débhliantúla a bheidh ann amach anseo.

**<u>Maoiniú</u>**

5. Is é EUR 186 milliún an t-uasbhuiséad bliantúil le haghaidh CED in 2022 de réir phraghsanna 2018 (EUR 201 332 382 de réir phraghsanna 2022), mar a leagtar amach in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[3].

6. Luaitear go sonrach in Airteagal 11(1) den Rialachán maidir le CED gur féidir 0.5 % den mhéid sin a chur ar fáil le haghaidh cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón

[2] http://ec.europa.eu/egf

[3] IO L 433, 22.12.2020, lch I/15.

gCoimisiún. Faoi láthair, tá an méid iomlán le haghaidh 2022 ar fáil go fóill. Tá an méid atá beartaithe cothrom le 0,14 % den uasbhuiséad bliantúil atá ar fáil le haghaidh CED in 2022.

7. Maidir le CED a shlógadh, is iad Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i gcomhpháirt le chéile a dhéanfaidh an cinneadh atá beartaithe, mar a leagtar síos i bpointe 9 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, comhar i gcúrsaí buiséadacha agus bainistiú fónta an airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár maidir le hacmhainní dílse nua a thabhairt isteach[4].

**Gníomhartha gaolmhara**

8. An tráth céanna a thíolacfaidh sé an togra seo le haghaidh cinneadh CED a shlógadh, déanfaidh an Coimisiún togra a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle le haghaidh EUR 290 000 a aistriú chuig an líne bhuiséadach iomchuí.

**Foinse leithreasaí íocaíochtaí**

9. Úsáidfear leithreasuithe as líne bhuiséadach CED chun an méid is gá a chumhdach le haghaidh cúnamh teicniúil, is é sin EUR 290 000.

4 IO L 433, 22.12.2020, lch I/29.

2022/0015 (BUD)

Togra le haghaidh

# CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh (EGF/2022/000 TA 2022 - Cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[5], agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, comhar i gcúrsaí buiséadacha agus bainistiú fónta airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár maidir le tabhairt isteach acmhainní dílse nua[6], agus go háirithe pointe 9 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is éard is aidhm don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) dlúthpháirtíocht a léiriú agus fostaíocht inmharthana chuibhiúil a chur chun cinn san Aontas trí thacaíocht a thabhairt d'oibrithe iomarcacha agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena gcuid gníomhaíochta i gcás mórtheagmhais athstruchtúrúcháin, agus trí chuidiú leo fostaíocht inmharthana chuibhiúil a aimsiú arís a thúisce is féidir.

(2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 186 mhilliún (praghsanna 2018) mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle[7].

(3) Foráiltear le Rialachán (AE) 2021/691 go bhféadfar uasmhéid 0,5 % d'uasmhéid bliantúil CED a úsáid gach bliain le haghaidh cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún.

(4) Ba cheart CED a shlógadh, dá bhrí sin, chun an tsuim EUR 290 000 a chur ar fáil le haghaidh cúnamh teicniúil ar thionscnamh ón gCoimisiún.

(5) Chun íoslaghdú a dhéanamh ar an am a theastaíonn chun úsáid a bhaint as CED, ba cheart feidhm a bheith ag an gcinneadh seo ó dháta a ghlactha,

[5] IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.

[6] IO L 433, 22.12.2020, lch. I/29

[7] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433, 22.12.2020, lch. I/15).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Faoi chuimsiú bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2022, déanfar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh chun méid EUR 290 000 a sholáthar ina leithreasuithe i gcomhair gealltanas agus ina leithreasuithe íocaíochta.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh feidhm aige ón [*dáta a ghlactha*].*

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

* An dáta le cur isteach ag an bParlaimint sula bhfoilsítear san IO é.